

# ❖ An Lúibín ❖

10 Márta 2020

## Pádraig Mac Fhearghusa agus *Feasta*

Tá deireadh ré tagtha orainn: tá Pádraig Mac Fhearghusa éirithe as a phost mar eagarthóir ar *Feasta*, ceann de phríomhírísí liteartha na Gaeilge. Bhí sé ann le trí bliana is fiche. Tá Gaeilgeoirí óga ann atá i mbun a méide ach nach raibh tagtha fós ar an saol nuair a chuaigh sé i mbun na hoibre. Bhí dúthracht agus díograis i bPádraig i mbun oibre agus gá aige leo, mar nach raibh ach duine amháin ann (Donnchadh Ó hAodha) chun cuidiú leis i gcúrsaí riaracháin. Chaill *Feasta* an maoiniú a thugadh Foras na Gaeilge dó, rud nár thaitin leis (ná le mórán eile), ach d'éirigh leis an iris a choinneáil ar an bhfód agus é le moladh go mór dá bharr.

Tá neart eile déanta ag Pádraig. Cabhraigh sé le Gaelscoil Mhic Easmainn a bhunú i dTrá Lí in 1978 agus le Gaelcholáiste Chiarraí a bhunú freisin, agus is fada an bhaint atá aige le Conradh na Gaeilge. (Is é *Feasta* iris oifigiúil an Chonartha.) Agus bhí lámh aige ina lán rudaí eile – tionóil, féilte, ceardlanna scríbhneoireachta agus ciorcail chomhrá.

Bua eile fós atá ag Pádraig: is file é agus trí chnuasach foilsithe aige. Scríobh sé dhá leabhar eile freisin: stair Chonradh na Gaeilge i gCiarraí (is Ciarraíoch é Pádraig féin) agus staidéar ar shíceolaíocht Freud agus Jung.

Tá Cormac Ó hAodha tagtha in áit Phádraig mar eagarthóir agus guímid rath dó. Tá sé ráite go bhfuil géarghá le hirísí clóite i saol na Gaeilge. Go maire *Feasta* dá réir.

Focal pearsanta ó eagarthóir *An Lúibín*: is iomaí scéal agus dán leis a d'fhoilsigh Pádraig ar *Feasta*, agus roinnt alt chomh maith.



## Taighde ar an nGaeilge labhartha i Meiricea

Ba mhaith leis an Dr Séamus Dillon taisce scríofa de na cuimhní atá ag daoine i Meiriceá ar an nGaeilge labhartha agus den teagmháil atá acu léi. As Luimneach do Shéamus agus fuair sé PhD ó Ollscoil Luimnigh in 2008. Faoi láthair tá sé ag múineadh in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Déanann sé taighde go mórmhór ar an nGaeilge sa 19ú haois, go háirithe i measc phobail Éireannacha taobh amuigh d'Éirinn.

Tá sé tábhachtach, dar leis, go gcoimeádfaí cartlann den eolas seo ar eagla go gcaillfí é. Cuirfidh an t-eolas seo go mór lenár dtuiscint ar stair na Gaeilge labhartha i Meiriceá agus ar úsáid na teanga i Meiriceá sa lá atá inniu ann. Is í an chéad chéim sa taighde seo aige eolas a bhailiú agus é a chur ar fáil.

Tá an taighde dírithe ar na daoine a leanas:

- Daoine le cuimhní ar labhairt na Gaeilge i Meiriceá nuair a bhí siad óg;
- Daoine a chuala scéalta faoi labhairt na Gaeilge i Meiriceá blianta ó shin;
- Daoine a labhair/a labhraíonn an Ghaeilge i Meiriceá;
- Daoine a bhfuil aon eolas acu (beag nó mór) ar an nGaeilge labhartha i Meiriceá (fadó nó sa lá atá inniu ann).

Is féidir le daoine scríobh chuige ag [sdillon@wit.ie](mailto:sdillon@wit.ie). Beidh a n-ainm, a n-áit chónaithe agus an áit a bhaineann leis an scéal luaite go soiléir ar an gcuntas. Déanfaidh sé eagarthóireacht ar a bhfaigheann sé (más gá) agus foilseoidh sé é.

Le léamh:

**Twitter:** [@gaeilgeUSAstory](https://twitter.com/gaeilgeUSAstory) agus <https://gaeilgestoriesamerica.com/>.



## Ceathrar ban

Is iomaí bean a bhfuil a n-ainm luaite in Annála na hÉireann agus tá an chuid is mó acu mar seo:

*1524: Aibhilín iníon Ridire an Ghleanna, bean Uí Chonchúir Chiarraí, dea-bhean dhéarcach dhaonnachtach, d'éag.<sup>1</sup>*

Ní as an múnla sin, dá mheasúla é, a fáisceadh na mná seo a leanas. Tá éagsúlacht ag roinnt leo, cinnte, ach ligeann na croinicithe dóibh gnéanna neamhchoitianta dá mbeatha féin nó den saol mór a chur ar taispeáint, idir mhaith is olc.

Bhí **Dearbhfhorghaill Ní Chonchúir** (a d'éag go luath sa 14ú haois) ar an mbeagán ban a luaitear sna hAnnála i dtaca le creachadh agus le ruathar. Rudaí eile a tharraingíonn moladh ar mhná sna hAnnála de ghnáth - carthanacht, cráifeacht, dílseacht agus féile.<sup>2</sup> Is ionduíl gurb iad na fir a mholtar as crógacht agus as dúil i gcomhrac.<sup>3</sup>

Iníon Mhaghnumsa Ní Chonchúir ba ea Dearbhfhorghaill agus í pósta le hAodh Ó Domhnaill, rí Thír Chonaill. Deir *Annála Loch Cé* gur áitigh sí ar Aodh críoch Chairbre (i Sligeach) a chreachadh. Bhailigh sí féin gallóglaigh agus ceithearnaigh de chuid Chlann Mhuircheartaigh agus rinne creachadh ar eaglaisí Dhroim Chliabh.

*1315: Aodh Ó Domhnaill rí Thíre Chonaill, do theacht i gCairbre, agus críoch Chairbre uile do mhilleadh leis trí chomairle a mhná .i. iníon Mhaghnumsa Uí Chonchúir; agus dul di féin mar aon lena bhfuair sí de ghallóglachaibh agus de Chlainn Mhuircheartaigh faoi theamplaibh Dhroma Chliabh, agus morán de chléiribh agus de chomharbaibh Dhroma Chliabh do argain léi inti in hoc anno.<sup>4</sup>*

Ina theannta sin, deir *Annála na gCeithre Máistrí* gur fhostaigh sí gallóglaigh chun Ruairí mac Dhomhnaill Uí Chonchúir a mharú.

*1315: Ruairí mac Dhomhnaill Uí Chonchúir do mharbhadh le ceitheirn Gallóglach ar fhoráileamh Dhearbhfhorghaile iníne Mhaghnumsa Uí Chonchúir a thug urfhochraig dóibh air.<sup>5</sup>*

<sup>1</sup> *Annála na gCeithre Máistrí*, 1524.15. CELT: The Corpus of Electronic Texts:

<https://celt.ucc.ie/published/G100005E/index.html>. Leasú beag déanta ar an litriú.

<sup>2</sup> Ní Dhonnchadha, Máirín (eag.), "Courts and Coteries II" in Angela Bourke (eag.), "Field Day Anthology of Irish Writing IV": lch 331. NYU Press, 2002.

<sup>3</sup> Connellan, Owen. *The Annals of Ireland Translated from the Original Irish of The Four Masters*. Dublin: Bryan Geraghty, 1846. Maíonn an Conallánach sa réamhrá go bhfuil cuntas na nAnnála ar mhuintir na hÉireann 'particularly rich in accounts of their military affairs, their forces and arms, their heroes and warriors, their battles and victories'.

<sup>4</sup> *Annála Loch Cé*, LC1315.21. CELT: The Corpus of Electronic Texts:

<https://celt.ucc.ie/published/G100010A/index.html>. Leasú beag déanta ar an litriú.

<sup>5</sup> *Annála na gCeithre Máistrí*, M1315.6. CELT: The Corpus of Electronic Texts:

<https://celt.ucc.ie/published/G100005C/index.html>. Leasú beag déanta ar an litriú.

Is annamh a thaispeántar chomh soiléir sin an tionchar a bhí ag na mná ar aigne a bhfeair; agus nochtar Dearbhfhorghaill dúinn anseo toisc go raibh an lámh láidir á himirt aici i réimse fireann. Luaitear 1316 mar bhliain a báis.

Tugann an banuasal **Mairéag Ní Chonchúir Fhailí** (fl. 1553) léargas eile ar an lámh a bhí ag mná i gcúrsaí polaitíochta agus sóisialta in Éirinn. Chuaigh sí i ndáil chomhairle le Banríon Shasana ar son a hathar agus é de bhuntáiste aici go raibh cairde gaoil aici i Sasana agus (rud nár ghnách le huaisle de shliocht na nGael) go raibh eolas aici ar an mBéarla.

B'íníon le Brian mac Chathaoir Uí Chonchúir Fhailí í Mairéag. Bhí a hathair ar na tiarnaí a thacaigh le Tomás Mac Gearailt, 10ú hIarla Chill Dara (Tomás an tSíoda) tar éis dó éirí amach i gcoinne Anraí VIII. Ciontaíodh Brian i dtréas ach tugadh pardún dó agus rinneadh Barún Uíbh Fhailí de in 1538. Mar sin féin, deir na hAnnála gurbh éigean dá íníon Mairéag dul go Sasana in 1553 chun Brian a iarraidh ar an mBanríon Máire I agus gur fágadh bránna (i.e. gialla) eile ina áit. (Ba ghnách feidhm a bhaint as gialla chun smacht a choinneáil ar a gcairde gaoil seachas chun dúchíos a fháil.)

*1553: Iníon Uí Chonchúir Fhailí, Mairéag, do dhul i Sacsuibh, as ucht a cairdeasa agus a gaoil thoir, agus as ucht a Béarla, a d'iarraidh a hathar ar an mbanríon Queen Maria, agus iar ndul di faoina grásaibh fuair a hathair agus thug léi i nÉirinn é, agus do radadh brá eile as don Iúistís agus don Chomhairle .i. Ruairí Ó Conchúir, sinsear a clainne féin go mbránna eile maille leis.<sup>6</sup>*

Fuair Brian bás in 1556. Ní fios cén uair a cailleadh Mairéag.

B'fhéidir gur dheirfiúr léi an Eilís Ní Chonchúir Fhailí sin a phós Brian Mac Giolla Phádraig,<sup>7</sup> 1ú Barún Uachtar Osraí, fear a d'oibrigh go glic faoi scáth Shasana: luaitear sna hAnnála “dhá mhac óg iníon Uí Chonchúir Fhailí” ar mharaigh Domhnall Ó Maolmhuaidh iad.<sup>8</sup>

Níor dhuine mór le rá í **Siobhán Óg Ní Bhaoil**, ach tá iontráil don bhliain 1576 ina taobh in *Annála na gCeithre Máistrí*. Bádh í agus í ag foghlaim snámha Lá San Séamas (an 25 Iúil) in iarthar Dhún na nGall. Is dócha gurb í an áit atá i gceist an Srath Buí i mBarúntacht Bhaollach sna Gleannta.<sup>9</sup>

*1576: Iníon Uí Bhaoil, Siobhán Óg, iníon Thoirealaigh mhic Néill do bhá lá San Séamais ag foghlaim snámha ar abhainn an tSratha Bhuí.<sup>10</sup>*

Is annamh tagairt chomh daonna sin do chúrsaí pearsanta le fáil sna hAnnála; is treise an bhéim a chuirtear ar imeachtaí a bhfuil cuma thromchúiseach orthu – bás saoi nó marú uasail. Ach blúire beag de ghnáthshaol a haimsire atá le fáil i mbás an chailín mhí-ámharaigh úd.

Ní bheadh Siobhán Óg luaite ar chor ar bith, ar ndóigh, murar eascair sí ó mhuintir uasal. Bhí a hathair Toirealach Ó Baoill ina bhall de chlann a bhí in uachtar le fada an lá i gCríoch Bhaollach (Barúntacht Bhaollach an lae inniu).<sup>11</sup>

Bean uasal ba ea **Máire Stíobhartach Ní Dhomhnaill** (1607 – tar éis 1639?) agus chaith sí saol eachtrúil ar an Mór-Roinn. Rugadh Máire do Bhrighid Nic Gearailt (bean oilte arbh fhile Gaeilge í) agus do Rudhraighe Ó

<sup>6</sup> *Annála na gCeithre Máistrí*, M1553.8. CELT: The Corpus of Electronic Texts: <https://celt.ucc.ie/published/G100005E/index.html>. Leasú beag déanta ar an litriú.

<sup>7</sup> Diarmuid Wheeler, “It is easier to forgive an enemy than to forgive a friend,” Barnaby FitzPatrick and Gaelic Collaboration with the Tudor crown c.1535-1581,” Cumann Oidhreachta Laoise: <http://laoisheritagesociety.org/it-is-easier-to-forgive-an-enemy-than-to-forgive-a-friend-barnaby-fitzpatrick-and-gaelic-collaboration-with-the-tudor-crown-c-1535-1581-by-diarmuid-wheeler/>

<sup>8</sup> *Annála na gCeithre Máistrí*, M1581.5. CELT: The Corpus of Electronic Texts: <https://celt.ucc.ie/published/G100005E/index.html>

<sup>9</sup> <https://www.logainm.ie/ga/14735>

<sup>10</sup> *Annála na gCeithre Máistrí*, M1576.7. CELT: The Corpus of Electronic Texts: <https://celt.ucc.ie/published/G100005E/index.html>. Leasú beag déanta ar an litriú

<sup>11</sup> Rev. Patrick Woulfe, "Irish Names and Surnames". M.H. Gill & Son (1923)

Domhnaill, Iarla Thír Chonaill. (Iníon le hÉinrí, 12ú hIarla Chill Dara, agus leis an mBantiarna Frances Howard, iníon Iarla Nottingham, ba ea Brighid.) Rugadh Máire i Sasana tar éis Imeacht na nIarlaí agus bhronn Séamas I (comharba Eilíse) an sloinne 'Stíobhartach' uirthi.

D'fhill a máthair Brighid ar Éirinn léi in 1609 agus bhí siad ina gcónaí ag Maigh Nuad ar thailte Mhic Gearailt i gContae Chill Dara go dtí 1619, nuair a dúradh leo teacht ar ais chun Sasana. Thug an Rí spré mhór do Mháire agus cuireadh faoi chúram a sheanmháthar, Bantiarna Chill Dara, í.<sup>12</sup>

Rinne seanmháthair Mháire iarracht ar bhean uasal Shasanach a dhéanamh di. Dúirt sí le Máire go bhfágadh sí oighreacht mhór aici agus go dtabharfadh sí fear céile di, ach bhí doicheall ar Mháire roimh an bhfear céanna toisc gurbh Éireannach é a d'iompaigh ina Phrotastúnach. B'fhéidir, freisin, go raibh sí mór cheana le fear óg eile, Dualtach Ó Gallchóir.

Bhí muintir a máthar buartha go mór toisc go raibh sí ag éirí mór le hÉireannaigh óga Chaitliceacha i Londain a bhí mídhílis don rialtas. I samhradh na bliana 1626, nuair a bhí Máire timpeall 19 bliana d'aois, bhris sí féin agus scata cairde isteach i bPríosún an Tí Geata in Westminster agus d'fhuascail a leasdeartháir Cathbharr Ó Domhnaill agus a col ceathrar Aodh Ó Ruairc, beirt a cuireadh i ngéibheann toisc gur dhiúltaigh siad éirí as an éileamh a bhí acu ar thailte plandáilte i mBreifne Thiar. (Ba é an príosún úd seanteach geata Mhainistir Westminster.)



Príosún an Tí Geata san 18ú haois sular leagadh é.

*Wikimedia Commons*

Fuarthas amach gurbh íse a bhí ann agus ordaíodh di teacht i láthair na cúirte ríoga. Thogair sí éalú ó Londain i ndeireadh na bliana 1626. Chuaigh sí ar fán, duibhléid agus buataisí uirthi agus claíomh ar iompar aici, agus faoi dheireadh bhain sí Briostó amach. Bhí bean choimhdeachta faoi bhréagriocht léi darbh ainm Anne Baynham, agus "gentilhomme son parent" (duine uasal a bhí ina ghaol léi), arbh é Ó Gallchóir é, de réir cosúlachta.

Bhí barúil acu i mBriostó gur bhean í, ach (más fíor do scríbhneoir Spáinneach) thug sí breab do ghiúistís, thairg sí comhrac aonair a throid agus bhí ag suirí go díograiseach le cailín. Rinne an triúr dhá iarracht ar Éire a bhaint amach ach séideadh an long ar ais go dtí an Severn. Chuaigh siad ar bord long Ísiltíreach ansin agus tugadh go La Rochelle na Fraince iad. D'fhan Máire in éide fir agus chuaigh ag suirí (más fíor) le bean eile in Poitiers.



<sup>12</sup> Bagwell, Richard (1895). 'O'Donnell, Mary Stuart,' *National Dictionary of Biography*, imleabhar 41, lch 446; luaitear 'Addenda,' *Earls of Kildare*, lch 321.

An Bhruiséil in 1610  
*Wikimedia Commons*

Nuair a bhain Máire an Bhruiséil amach i Mí Eanáir 1627 chuir an Pápa litir chomhghairdeachais chuici. Ba ghearr gur chuir sí olc ar an deartháir ba shine aici, Aodh Ó Domhnaill, 2ú hIarla Thír Chonaill, duine nár casadh uirthi cheana, nuair a lean sí uirthi ag imeacht in éide fir agus a dhiúltaigh Seán Ó Néill, 3ú hIarla Thír Eoghain, a phósadh. Bhí Aodh tar éis cabhair a iarraidh ar an Ardeaspag Flaithrí Ó Maolchonaire chun aighneas idir muintir Dhomhnaill agus muintir Néill a réiteach chun go ndéanfaí Éire a ionradh in 1629. Ba é an tArdeaspag a shocraigh go bpósfadh Máire Seán Ó Néill. Ach d'éirigh sí torrach agus d'fhág sí féin agus Ó Gallchóir an Bhruiséil faoi smál in 1629.


Bhain siad an Róimh amach in 1630. Moladh Máire mar iníon Rughraidh Uí Dhomhnaill nár mhair, agus thug an Eaglais áit chónaithe agus airgead dóibh. Phós an bheirt agus rug sí buachaill in Genoa.<sup>13</sup>

I Mí Feabhra scríobh sí chun an Chairdinéil Barberini á rá go raibh súil aici le leanbh eile. Chuaigh sí féin agus Dualtach go dtí an Ostair, mar ar ceapadh Ó Gallchóir mar chaptaen san Arm Impiriúil, ach maraíodh é an bhliain chéanna sa Chogadh Tríocha Bliain. Ba ghearr ina dhiaidh sin go bhfuair an dara leanbh aici bás. Ba mhór an chumha a bhí uirthi agus bhí sí fós in achrann lena muintir. Shiúil sí an Eoraip arís sular chuir sí fúithi sa Róimh, áit ar phós sí captaen bocht cabhlaigh ó Éirinn in 1639. Ní fios céard a tharla di ina dhiaidh sin.



### Ó Cadhain aistrithe arís

Tá Yale University Press chun cnuasach de ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain a fhoilsiú i mBéarla mar chuid de chlár aistriúcháin Chló Iar-Chonnacht. Tá CIC tar éis aistriúchán Alan Titley ar an nóibhille *Fuíoll Fuine (The Dregs of the Day)* a fhoilsiú, agus tá leaganacha Gearmáinise agus Spáinnise de le foilsiú freisin.



Ní hé seo an chéad uair a foilsíodh aistriúcháin de na gearrscéalta, ach tarringeoidh an foilseachán nua áir léitheoirí nua. In 2015 chuir Louis de Paor agus Lochlainn Uí Thuairisg amach leagan Béarla den ghearrscéal *An Eochair*.

Cúpla bliain ó shin foilsíodh dhá aistriúchán Béarla de *Cré na Cille - The Dirty Dust* le Alan Titley agus *Graveyard Clay* le Liam Mac Con Iomaire agus Tim Robinson. Tá aistriúcháin eile le teacht – ceann i nGréigis, ceann i Rúisis (tá Rúisigh ann a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus cumas aistritheoireachta acu) agus ceann in Araibis.




<sup>13</sup> Casway, Jerrold I. (2004). 'O'Donnell, Lady Mary Stuart (b. 1607?, d. in or after 1639)'. *Oxford Dictionary of National Biography* (ar-line). Oxford University Press.

### Cnuasach nua

I ndeireadh na bliana 2019 d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht (CIC) cnuasach nua gearrscéalta le Colin Ryan, eagarthóir *An Lúibín*. *Ceo Bruithne* an teideal atá air agus is é an dara cnuasach dá chuid a chuir CIC amach é.

Féach <https://www.cic.ie/books/published-books/ceo-bruithne>.



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*